Dóchas Linn Naomh Pádraig

Dóchas linn Naomh Pádraig,
Aspal mór na hÉireann,
Ainm oirdhearc gléigeal,
Solas mór an tsaoil é.
'Sé do chloígh na draoithe,
Croíthe dúrtha gan aon mhaith,
D'ísligh dream an díomais
Trí neart Dé ár dtréanfhlaith.

Sléibhte, gleannta, maigthe
'S bailte mór' na hÉireann,
Ghlan sé iad go deo dúinn,
Míle glóir dár naomh dhil.
Iarraimid ort, a Phádraig,
Guigh orainne Gaela,
Dia linn lá 'gus oíche
'S Pádraig Aspal Éireann.

© Seomra Ranga www.seomraranga.com